Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Aibreán 2021
(OR. en)

7765/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0092(NLE)**

**WTO 96**
**COLAC 26**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7764/21 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste um Thrádáil an Chomhaontaithe Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na leasuithe ar Chinntí Uimh. 1/2014, Uimh. 2/2014, Uimh. 3/2014, Uimh. 4/2014 agus Uimh. 5/2014 ón gCoiste um Thrádáil chun aontachas Eacuadór leis an gComhaontú a chur san áireamh agus chun liostaí na n-eadránaithe agus na saineolaithe ar Thrádáil agus Forbairt Inbhuanaithe a nuashonrú<br>- Glacadh |

1. An 12 Aibreán 2021, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh an Chinnidh thuasluaite ón gComhairle (7764/21 + ADD 1).

2. Chuathas i gcomhairle i scríbhinn leis an gCoiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) maidir leis an téacs sin agus d'fhormhuinigh sé an téacs, sa riocht inar modhnaíodh é, chun roinnt coigeartuithe riachtanacha a chur san áireamh.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir daingniú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an Cinneadh ón gComhairle mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus a leagtar amach in 7766/21 agus in 7767/21 é a ghlacadh;

– cinneadh a dhéanamh go n-ordófar an Cinneadh ó Choiste Trádála AE-An Cholóim-Peiriú-Eacuadór, mar a leagtar amach in 7767/21 é, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a luaithe a ghlacfar é;

– a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh a tharchur chuig an bParlaimint; agus

– a chinneadh go gcuirfear sna miontuairiscí an ráiteas atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo.